2025/895

16.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/895 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Bealtaine 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le cosaintí éisteachta, trealamh cosanta pearsanta ar thitim, trealamh sléibhteoireachta, cosaintí glúine, éadaí cosanta i gcoinne greamanna sceartán agus clogaid inslithe leictreachais, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), trealamh cosanta pearsanta atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó le codanna de na caighdeáin sin, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin, ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó na codanna sin díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 agus an obair sin a thabhairt chun críche chun a áirithiú go leanfaidh siad de léiriú a thabhairt ar an úrscothacht a nglactar léi i gcoitinne chun na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin a chomhlíonadh.

(3) Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)2750 ón gCoimisiún ([4]) chun raon feidhme na hiarrata a oiriúnú trí chaighdeáin áirithe a chur leis agus a bhaint de chun an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch is déanaí a chur san áireamh, chomh maith leis na forbairtí is déanaí ar ghníomhaíochtaí caighdeánaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, agus chun síneadh a chur le sprioc-am na ngníomhaíochtaí caighdeánaithe i ndáil le caighdeáin agus dréachtchaighdeáin áirithe toisc nárbh fhéidir an obair ar chuid díobh a thabhairt chun críche faoi na sprioc-amanna a leagadh síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.?locale=ga.

([2]) Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le trealamh cosanta pearsanta agus lena n-aisghairtear Treoir 89/686/CEE ón gComhairle (IO L 81, 31.3.2016, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/425/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2020 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024)2750 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 7924 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil a mhéid a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(4) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, dhréachtaigh CEN na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425: EN 14404-2:2024 i ndáil le ceanglais maidir le cosantóirí glúine inchaite (cineál 1), EN 14404-3:2024 i ndáil le ceanglais maidir leis an teaglaim aonair de phillíní glúine agus baill éadaigh (cineál 2), EN 14404-4:2024 i ndáil le ceanglais maidir le pillíní glúine idir-inoibritheacha agus baill éadaigh (cineál 2), EN 14404-6:2024 i ndáil le ceanglais maidir le córais dul ar ghlúine (cineál 4) agus EN 17487:2024 i ndáil le baill éadaigh ag a bhfuil earraí cóireáilte le sármheitrin mar thaca leis an gcosaint ar ghreamanna sceartán.

(5) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924, rinne CEN athbhreithniú ar na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 ón gCoimisiún ([5]): EN 352-2:2020 maidir le plugaí cluaise, EN 353-2:2002 maidir le gléasanna treoraithe chun titim a stopadh lena n-áirítear líne ancaire solúbtha, EN 958:2017 maidir le córais ionsúite fuinnimh le húsáid i ndreapadh klettersteig (via ferrata) agus EN 17109:2020 maidir le córais sábháilteachta aonair le haghaidh cúrsaí rópa.

(6) Mar thoradh air sin, ghlac CEN na caighdeáin seo a leanas, mar aon leis na leasuithe orthu: EN 352-2:2020+A1:2024, EN 353-2:2024, EN 958:2024 agus EN 17109:2020+A1:2024.

(7) Rinne an Coimisiún, in éineacht le CEN, measúnú féachaint an gcomhlíontar an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2020)7924 le EN 352-2:2020+A1:2024, EN 353-2:2024, EN 958:2024, EN 14404-2:2024, EN 14404-3:2024, EN 14404-4:2024, EN 14404-6:2024, EN 17109:2020+A1:2024 agus EN 17487:2024.

(8) Leis na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas agus na leasuithe orthu, comhlíontar na ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach agus a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/425: EN 353-2:2024, EN 958:2024, EN 14404-2:2024, EN 14404-4:2024, EN 14404-6:2024, EN 17109:2020+A1:2024 agus EN 17487:2024. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin agus na leasuithe orthu a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(9) Tar éis don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán comhchuibhithe EN 352-2:2020+A1:2024, tháinig sé ar an gconclúid nach gceanglaítear leis an gcaighdeán lipéadú a bheith ar na plugaí cluaise a chuirfeadh in iúl an leibhéal maolaithe torainn a sholáthraíonn siad, rud a fhágann nach gcomhlíonann siad an ceanglas fíor-riachtanach sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointe 3.5, an dara mír, d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425. Maidir le caighdeán comhchuibhithe EN 14404-3:2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur gá freisin clásal 5.5.1.3 den chaighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh, lena leagtar síos ceanglais maidir leis an toise de chrios cosanta na gcosaintí glúine, chun a thabhairt le fios go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach sláinte agus sábháilteachta i bpointe 1.3.1. d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425, arb é is aidhm dó a áirithiú go gcuirfear an táirge in oiriúint do mhoirfeolaíocht an úsáideora. Ní liostaítear an clásal sin in Iarscríbhinn ZA a ghabhann leis an gcaighdeán. Dá bhrí sin, ba cheart na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maille le srian.

(10) Ar deireadh, d'eisigh Cenelec ceartúchán ar chaighdeán comhchuibhithe EN IEC 50365:2023 i ndáil le clogaid inslithe leictreachais, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941. Is é an toradh a bhí air sin caighdeán comhchuibhithe EN 50365:2023 arna cheartú le EN 50365:2023/AC:2024-09. Tá an ceartúchán EN 50365:2023/AC:2024-09 ríthábhachtach chun EN 50365:2023 a chur i bhfeidhm i gceart mar chaighdeán comhchuibhithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tagairt do EN 50365:2023, arna cheartú le 50365:2023/AC:2024-09, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(11) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941, soláthraítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Rialachán (AE) 2016/425. Chun a áirithiú gur in aon ghníomh amháin a liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425, ba cheart na tagairtí do na caighdeáin sin agus na leasuithe orthu a chur san Iarscríbhinn sin.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2023 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le trealamh cosanta pearsanta a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán (AE) 2016/425 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 125, 11.5.2023, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/941/oj).

(12) Is gá an tagairt do na caighdeáin chomhchuibhithe EN 352-2:2020, EN 353-2:2002, EN 958:2017, EN 17109:2020 agus EN 50365:2023 a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é go ndearnadh athbhreithniú ar na caighdeáin sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 a leasú dá réir.

(14) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm na gcaighdeán athbhreithnithe, is gá tarraingt siar na tagartha do na caighdeáin chomhchuibhithe EN 352-2:2020, EN 353-2:2002, EN 958:2017 agus EN 17109:2020 a chur siar.

(15) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tugtar le fios le comhlíonadh an chaighdeáin sin go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1) den Iarscríbhinn ón 16 Samhain 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/941 mar a leanas:

(1) scriostar rónna 21, 31, 67 agus 175;

(2) cuirtear na rónna seo a leanas isteach in ord seicheamhach:

‘21a	EN 352-2:2020+A1:2024 Cosaintí éisteachta - Ceanglais ghinearálta - Cuid 2: Plugaí cluaise Fógra: Ní caighdeán é seo lena gceanglaítear lipéadú a chur ar an táirge a chuirfeadh in iúl cén leibhéal maolaithe torainn atá aige. Dá bhrí sin, comhlíonadh an chaighdeáin seo, ní rud é a thugann le fios go bhfuil comhréir ann le pointe 3.5 den dara mír d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425.’;
‘31a	EN 353-2:2024 Trealamh cosanta pearsanta ar thitim - Cuid 2: Gléasanna treoraithe chun titim a stopadh lena n-áirítear líne ancaire solúbtha’;
‘67a	EN 958:2024 Trealamh sléibhteoireachta - Córais ionsúite fuinnimh le húsáid i ndreapadh klettersteig (via ferrata) - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála’;
‘147a	EN 14404-2:2024 Trealamh cosanta pearsanta - Cosaintí glúine le haghaidh oibre a dhéantar ar na glúine - Cuid 2: Ceanglais maidir le cosaintí glúine inchaite (cineál 1)’;
‘147b	EN 14404-3:2024 Trealamh cosanta pearsanta - Cosaintí glúine le haghaidh oibre a dhéantar ar na glúine - Cuid 3: Ceanglais maidir leis an teaglaim aonair de phillíní glúine agus baill éadaigh (cineál 2) Fógra: I dteannta chlásail 5.5.1.1, 5.5.1.2, 5.5.5.1 agus 5.5.5.2, is gá freisin clásal 5.5.1.3 a chomhlíonadh chun a thabhairt le fios go bhfuil comhréir ann leis an gceanglas fíor-riachtanach i bpointe 1.3.1. d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425’;
‘147c	EN 14404-4:2024 Trealamh cosanta pearsanta - Cosaintí glúine le haghaidh oibre a dhéantar ar na glúine - Cuid 4: Ceanglais maidir leis an teaglaim de phillíní glúine idir-inoibritheacha agus baill éadaigh (cineál 2)’;
‘147d	EN 14404-6:2024 Trealamh cosanta pearsanta - Cosaintí glúine le haghaidh oibre a dhéantar ar na glúine - Cuid 6: Ceanglais maidir le córais dul ar ghlúine (cineál 4)’;
‘175a	EN 17109:2020+A1:2024 Trealamh sléibhteoireachta - Córais sábháilteachta aonair le haghaidh cúrsaí ropa - Ceanglais sábháilteachta agus modhanna tástála’;
‘177a	EN 17487:2024 Éadaí cosanta - Baill éadaigh ag a bhfuil earraí cóireáilte le sármheitrin mar thaca leis an gcosaint ar ghreamanna sceartán’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 189.I:

‘189.I	EN 50365:2023 Obair Bheo - Clogaid inslithe leictreachais le húsáid ar shuiteálacha ísealvoltais agus meánvoltais EN 50365:2023/AC:2024-09’.